

# ELeathanach337

Dé Luain, an 13 Eanáir 2020

2020

Athbhliain faoi mhaise daoibh!

2020

## Nollaig na mBan

Titeann Nollaig na mBan ar an séú lá d'Eanáir gach bliain. Go traidisiúnta, thug gach duine lá saoire do na mná an lá sin tar éis dóibh an-chuid oibre a dhéanamh i rith na Nollag.

Tá athrú mór ar an saol ó shin agus tugann gach duine sa teaghlach lámh chúnta sa teach um Nollaig anois.

Ceann de na traidisiúin a bhain le Nollaig na mBan ná go raibh cóisir ag na mná an oíche sin agus tá an nós sin fós beo sa lá atá inniu ann. Tá na mná ag damhsa agus ag baint taitnimh as an saol sa phictiúr seo.



## An-tóir ar ainmneacha Gaeilge

De réir na staitisticí is déanaí, is í Fiadh an tríú hainm is coitianta in Éirinn. Tá an t-ainm Liam sa séú háit ar an liosta. Is é Liam an t-ainm Gaeilge is coitianta ar bhuachaillí.

Tá 14 ainm Gaeilge, idir bhuachaillí agus chailíní, i measc an 100 ainm is coitianta in Éirinn - Liam, Cillian, Fiadh, Oisín, Fionn, Saoirse, Tadhg, Aoife, Cian, Caoimhe, Rían, Seán, Éabha agus Niamh!



## Gradaim na Golden Globes

Ar an séú lá de mhí Eanáir bhí searmanas bronnta na Golden Globes ar siúl in Hollywood.

Bhuaigh Joaquin Pheonix duais don scannán *Joker*, Renée Zellweger don scannán *Judy* agus Tarron Egerton don scannán *Rocketman*.

Chuaigh an gradam don scannán is fearr do *1917*, scannán faoin gCéad Chogadh Domhanda.

Bhí Ricky Gervais mar fhear an tí don searmanas arís i mbliana. Ní raibh gach duine sásta leis. Bhí sé ag magadh faoi na réalta móra scannáin. An mbeidh an post seo aige an bhliain seo chugainn?

